Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10578 — CVC / EKATERRA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 170/06)

1. An 12 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]), lena mbaineann rialú aonair ekaterra B.V. ("ekaterra") ag CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. ("CVC") de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC (Lucsamburg),

— ekaterra (an Ísiltír).

Faigheann CVC rialú aonair ar ekaterra ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás CVC: Déanann CVC cistí agus ardáin infheistíochta a bhainistiú. Ceann de chuideachtaí punainne chistí CVC is ea Zabka Polska S.A., ar cuideachta í atá gníomhach i miondíol grósaeireachta sa Pholainn;

— i gcás ekaterra: Tá gnó tae ag ekaterra agus ag a chuid fochuideachtaí, arb é atá ann saothrú, próiseáil agus soláthar duilleoga tae, agus forbairt, monarú, táirgeadh, pacáistiú, pacáil, margaíocht, dáileadh agus díol táirgí tae ar fud an domhain agus taighde a dhéanamh ina leith (gan leasanna Unilever i gcomhfhiontair PepsiLipton le Pepsico a áireamh maidir le tae atá réidh le hól (tae "RTD")).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10578 — CVC / EKATERRA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").